

# Cad é sin?

  
Séideán Sí



Leagan  
Ultach

Siobhán Ní Dhúill  
Steve Simpson a mhaisigh

An chéad eagrán 2007

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2007

Obair ealaíne

© Steve Simpson, 2007

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Cad é sin?

Siobhán Ní Dhúill  
Steve Simpson a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath






Oíche chiúin ghealaí a bhí ann. Bhí Learaí Leipreachán ag obair leis go sásta.

‘Tic teaic tiú, péire bróga nua. Cuirfidh mise an tairne agus cuirfidh tusa an crú.’

I ndiaidh tamaill bhuail tuirse é.  
'Tá mé tuirseach,' ar seisean.  
'Iontach tuirseach. Tá an t-am agam  
a bheith ag gabháil chun an bhaile.'  
Chruinnigh Learaí na bróga a bhí  
déanta aige agus chuir sé ina mhála  
iad. Chruinnigh sé na huirlisí a bhí  
aige agus chuir sé ina mhála iad.  
Ansin chuir sé an mála ar a dhroim  
agus thug sé aghaidh ar an bhaile.





‘Tic teaic tiú, péire bróga nua.  
Cuirfidh mise an tairne agus  
cuirfidh tusa an crú.’

Bhí Learaí ar a bhealach chun an  
bhaile agus é breá sásta leis féin  
nuair a chuala sé callán aisteach:  
Hic! Hic! Hic!







Baineadh geit as Learaí. Ní raibh  
callán cosúil leis cloiste riamh  
roimhe aige.

‘Cad é sin?’ ar seisean agus sheas  
sé gan bogadh as.



D'éist Learaí go cúramach.

D'amharc sé thart. Ach ní raibh  
duine ná deoraí le feiceáil.

Ansin chuala sé an callán arís:

Hic! Hic! Hic!

‘Cad é sin?’ arsa Learaí. ‘Cad é a bheadh ag déanamh calláin mar sin?’



Ach níorbh fhada gur thuig Learaí go raibh an callán aisteach seo ag teacht as a bhéal féin.



‘Caithfidh mé mo bhéal a dhruid,’ ar seisean. ‘Agus ansin stopfaidh sé.’ Dhruid Learaí a bhéal ach ... níor stop an callán.



Léim Learaí suas agus anuas.




Rith sé soir agus siar.



Ach mar sin féin ... níor stop  
an callán.

Nuair nár stop an callán bhuaile eagla Learaí.

‘Tá mé den bharúil go bhfuil aicíd inteacht orm,’ ar seisean. ‘Caithfidh mé a ghabháil chuig an dochtúir.’



D'amharc Fionnán Frog amach  
agus chonaic sé a chara Learaí  
ag gabháil síos an bealach mór.





‘Heileó, a Learaí,’ arsa Fionnán.

‘Cad é mar atá tú?’

‘Hic! Hic! Hic!’ arsa Learaí.

Phléasc Fionnán amach ag gáire.

‘Cad chuige a bhfuil tú ag gáire fúm?’ a d’fhiafraigh Learaí de.

‘Tá mé den bharúil go bhfuil aicíd inteacht orm.’

‘Ní aicíd ar bith atá ort,’ arsa Fionnán. ‘Snag atá ort.’





‘Snag?’ arsa Learaí. ‘Cad é sin?  
Tá súil agam nach gcaithfidh mé  
a ghabháil chuig an dochtúir.’  
‘Ní chaithfidh tú, muise,’ arsa  
Fionnán. ‘Tá leigheas agamsa duit.  
Nach minic a bhíonn snag orm féin.’




‘Goitse anseo chugam,’ arsa Fionnán leis an leipreachán ansin, ‘agus seas ar do chloigeann.’

‘Ar mo chloigeann?’ arsa Learaí.

‘Sea,’ arsa Fionnán. ‘Ar do chloigeann.’

Sheas Learaí ar a chloigeann mar a d’iarr Fionnán air.



Nuair a bhí Learaí ina sheasamh ar a chloigeann shín Fionnán deoch chuige.

‘Ól é sin anois agus stopfaidh an snag,’ ar seisean.

‘Cad é atá ann?’ arsa Learaí.

‘Braon uisce,’ arsa Fionnán. ‘Caith siar go gasta é.’

Nuair a bhí an t-uisce ólta ag Learaí dúirt Fionnán leis go bhféadfadh sé seasamh ar a chosa arís.



‘Tá an snag imithe díom anois. Tá mé iontach buíoch díot, a Fhionnáin,’ arsa Learaí leis an fhrog agus síos an bealach mór leis go sásta.



D'amharc Labhrás Luchóg amach agus chonaic sé a chara Learaí ag gabháil síos an bealach mór.



‘Heileó, a Learaí,’ arsa Labhrás.

‘Cad é mar atá tú?’

‘Hic! Hic! Hic!’ arsa Learaí.

Phléasc Labhrás amach ag gáire.

‘Cad chuige a bhfuil tú ag gáire fúm?’ a d’fhiafraigh Learaí de.

‘Tá mé den bharúil go bhfuil aicíd inteacht orm.’

‘Ní aicíd ar bith atá ort,’ arsa Labhrás. ‘Snag atá ort.’

‘Sin an rud a dúirt Fionnán Frog fosta,’ arsa Learaí.




‘Tá leigheas agamsa duit,’ arsa Labhrás le Learaí ansin. ‘Nach minic a bhíonn snag orm féin.’  
‘Tá súil agam gur fearr é ná an leigheas a bhí ag Fionnán dom,’ arsa Learaí.

‘Ná bac Fionnán,’ arsa Labhrás.  
‘Tá leigheas iontach ar fad agamsa.’







‘Goitse anseo chugam,’ arsa  
Labhrás leis an leipreachán ansin.

‘Anois tiontaigh do dhroim liom  
agus druid do shúile.’

‘An gcaithfidh mé seasamh ar mo  
chloigeann?’ arsa Learaí.

‘Ní chaithfidh,’ arsa Labhrás.

‘An gcaithfidh mé deoch uisce a ól?’  
arsa Learaí.

‘Ní chaithfidh,’ arsa Labhrás. ‘Níl  
le déanamh agat ach do shúile a  
dhruid agus seasamh ansin gan  
bhogadh.’



Dhruid Learaí a shúile agus sheas sé gan bhogadh. Ach níor stop an snag.

‘Hic! Hic! Hic! Níl maith ar bith sa leigheas seo,’ arsa Learaí i ndiaidh tamail. ‘Tá snag orm go fóill.’

‘Fan tamall eile,’ arsa Labhrás leis.

Nuair a chuala Learaí pléasc taobh thiar de dóbair nár thit an t-anam as. D'oscail sé a shúile agus thiontaigh sé thart.





‘Éist!’ arsa Labhrás Luchóg leis.

D’éist Learaí Leipreachán  
go cúramach.

‘Ní chloisim rud ar bith,’ ar seisean.

‘Sin é go díreach é,’ arsa an luchóg.

‘Ní chloiseann tú rud ar bith. Tá an  
snag imithe díot anois.’



‘Nach iontach go deo an leigheas é sin atá agat!’ arsa an leipreachán.

‘Tá mé iontach buíoch díot, a Labhráis. Fan go gcloisfidh Fionnán Frog go raibh leigheas níos fearr agatsa ná mar a bhí aigesean!’



‘Tic teaic tiú, péire bróga nua.  
Cuirfidh mise an tairne agus  
cuirfidh tusa an crú.’



Oíche chiúin ghealaí a bhí ann.  
Bhí Learaí Leipreachán  
ag obair leis go sásta ...